

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
FÓMHAR 2017

TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in
<https://www.antoireachtas.ie>; ríomhphost ó ICUF.ie faoi ‘Trasna na dTonnta’;
<http://ww.ranganna.com>; <http://tuairisc.ie>.

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2017.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotaí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí
Roinn B: Comhráite
Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógraíonn Oireachtas na Gaeilge go mbeidh rásaí reatha bóthair á reáchtáil acu sna ceantair Ghaeltachta. Tá sé d'aidhm ag an tsraith rásaí seo deis a thabhairt do reathaithe le Gaeilge páirt a ghlacadh i rásaí Gaelacha i gcuid de na ceantair is áille sa tír.

Bronnfar pointí ar reathaithe bunaithe ar na háiteanna a bhaineann siad amach i ngach rás agus, ansin, bronnfar duaiseanna bunaithe ar na pointí sin. Beidh ceithre chatagóir sa chomórtas - catagóir do mhná faoi bhun caoga, catagóir d'fhir faoi bhun caoga, catagóir do mhná os cionn caoga agus catagóir d'fhir os cionn caoga.

Má tá spéis agat páirt a ghlacadh sa chomórtas is féidir clárú ar líne. Cosnaíonn gach rás fiche euro ach gheobhaidh tú lascaine má chláraíonn tú do chúig rás. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag [www.facebook.com na rásaí](http://www.facebook.com_na_rasaí) nó trí ríomhphost a chur chuig majella@antoireachtas.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógra anseo ó Phictiúrlann Bheag na Gaillimhe. I gcomhar le Conradh na Gaeilge agus le Foras na Gaeilge tá an phictiúrlann ag cuardach gearrscannáin do thaispeántas speisialta a bheidh ar siúl sa Róisín Dubh i nGaillimh an mhí seo chugainn.

Cuirfear fáilte roimh scannáin i nGaeilge a mhaireann deich nóiméad nó níos lú agus glacfar le cláir fhaisnéise agus le scannáin ghrinn. Roghnófar na scannáin don taispeántas as na scannáin a chuirtear isteach agus tabharfar tús áite do scannáin atá déanta go speisialta don ócáid.

Chun scannán a chur isteach, nó chun tuilleadh eolais a fháil, seol ríomhphost chuig littlecinemagalway@gmail.com. Má tá spéis agat freastal ar an taispeántas, gheobhaidh tú na sonraí go léir ar www.facebook.com/imeachtaí.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Tá áthas ar ‘Trasna na dTonnta’ a fhógairt go mbeidh Gaeltacht fhíorúil á cruthú againn ar *Twitter* an tseachtain seo chugainn. Le linn na seachtaine beidh muid ag iarraidh ar Ghaeilgeoirí ar fud an domhain tvuíteáil a dhéanamh as Gaeilge.

Tá sé d’aidhm ag an fheachtas deis a thabhairt d’achan duine le spéis sa Ghaeilge a bheith páirteach i gcomhrá Gaeilge. Dá bhrí sin, ní chaithfidh rannpháirtithe a bheith líofa sa teanga. Ní bheidh le déanamh acu ach an beagán Gaeilge atá acu a úsáid ar *Twitter*, ag an haischlib ‘Trasna na dTonnta’, agus grianghraf feiliúnach a roinnt ansin, fosta. Bronnfar dearbhán de sheachtó is a cúig euro ar an ghrianghraf is fearr.

Tá gach eolas faoin Ghaeltacht fhíorúil ar fáil trí ghlaó a chur ar Nóra ag Glór na nGael ag 0872518175. Is é Glór na nGael a mhaoinigh an feachtas.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Eoin: Dia duit, a Chaitlín. Chuala mé ar Raidió na Gaeltachta go mbeidh Oireachtas na Samhna ar siúl i gCill Airne arís i mbliana.
- (Tomás)
- Caitlín: Beidh. Táim ag súil go mór leis. Bhí mé ann anuraidh agus tá sé i gceist agam dul ar ais i mbliana.
- (Áine)
- Eoin: Agus an mbíonn atmaisféar maith ann?
- Caitlín: Bíonn. Bíonn craic agus ceol ann i gcónaí agus is bealach iontach é chun aithne a chur ar dhaoine eile le Gaeilge. Cloistear daoine ag spalpadh Gaeilge ó oíche go maidin ann!
- Eoin: Agus inis dom, cá fhad a chaithfidh tú ann?
- Caitlín: Lá agus oíche amháin, tá súil agam. Tá seomra curtha in áirithe agam cheana féin i dTeach Ósta an *Gleneagle* d'oíche Dé Sathairn - an ceathrú lá de Mhí na Samhna.
- Eoin: Tá tú an-eagraithe, a Chaitlín! Bhí mé ag smaoineamh ar dhul ann ar an lá céanna leatsa ach is dócha nach bhfaighidh mé seomra ar bith ag an bpointe seo.
- Caitlín: Seans nach bhfaighidh tú lóistín sa *Gleneagle* ach tá an-chuid tithe ósta i gCill Airne. Gheobhaidh tú leaba agus bricfeasta i dteach ósta eile.
- Eoin: Déanfaidh mé cuardach ar an idirlíon níos déanaí inniu agus cuirfidh mé seomra in áirithe áit éigin. Ba bhreá liom freastal ar Chomórtas Chorn Uí Riada.
- Caitlín: Rachaidh mé féin chuig Comórtas Chorn Uí Riada, freisin gan dabht, ach is é an comórtas rince ar an sean-nós an ceann is fearr liomsa.
- Eoin: Ó 'sea. Chonaic mé an ceann sin ar TG4 cúpla uair. Ba mhaith liom damhsa na scuaibe a fheiceáil.
- Caitlín: Bíonn sé an-taitneamhach. D'fhéadfaimis freastal air le chéile.
- Eoin: Ar fheabhas! Cén t-am a bheidh sé ar siúl?
- Caitlín: Ar a ceathrú tar éis a haon Dé Sathairn, go bhfios dom. Beidh orm féachaint ar Chlár an Oireachtais arís chun an t-am a dheimhniú.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Cillian: Dia duit, a Shíle! Cén chaoi a bhfuil tú?
(Seosamh)
- Síle: Thar cionn go raibh maith, a Chillian. Cén chaoi a bhfuil tú féin?
(Treasa)
- Cillian: Iontach. Cogar! An ndearna tú aon chúrsa samhraidh i mbliana?
- Síle: Rinne. Rinne mé cúrsa sa Ghaeilge neamhfhoirmiúil in Institiúid Oideachais Marino. Chuamar ar thuras trí Ghaeilge ar an *DART* ó Bhinn Éadair go Bré. Bhain mé an-sult as. Céard fútsa, an ndearna tusa aon chúrsa?
- Cillian: Rinne mé cúrsa ar líne ag ranganna.com. “Cluichí Cainte don Rang Gaeilge Bunscoile” an teideal a bhí air.
- Síle: Caithfidh go raibh sé sin an-fheiliúnach.
- Cillian: Bhí. Thug sé go leor smaointe nua dom maidir le teagasc na Gaeilge.
- Síle: Agus abair liom, ar chúrsa fada é?
- Cillian: Cúig mhodúl a bhí ann. I ngach modúl bhí stór focal, comhad fuaimne, cluiche cumarsáide agus pointí gramadaí. Bhí orm mo cheachtanna féin a scríobh ansin bunaithe ar ábhar an mhodúil.
- Síle: Agus an bhfuair tú aon aiseolas faoi na ceachtanna a scríobh tú?
- Cillian: Fuair. Bhí mé in ann cnaipe a bhrú agus aiseolas a fháil láithreach.
- Síle: Bhí sé sin ar fheabhas!
- Cillian: Bhí, ach sílim nach n-oirfeadh sé duitse, a Shíle. Is maith leatsa a bheith ag bualadh le daoine.
- Síle: Tá an ceart agat. Is maith liom a bheith ag foghlaim i seomra ranga le teagascóir agus le foghlaimeoirí eile.
- Cillian: Tuigim go hiomlán ach oireann na cúrsaí ar líne domsa. Bím in ann iad a dhéanamh san oíche nuair a bhíonn na gasúir sa leaba.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

- Moya: Cad é mar atá tú, a Phádraig?
(Caitlín)
- Pádraig: Go maith, go raibh maith agat, a Mhoya. Bhí mé fá choinne scairt a chur ort. Ar chuala tú go bhfuil an cluiche a bhí le bheith ann inniu idir Na Rosa agus Gaoth Dobhair curtha ar athló?
- Moya: Níor chuala mé é sin. Cathain a bheidh sé ar siúl?
- Pádraig: Bhí me ag caint le Micheál cúpla bomaite ó shin agus dúirt sé go mbeadh sé ar siúl ar a trí a chlog, Dé hAoine seo chugainn i Leitir Ceanainn.
- Moya: An mbeidh tú ag dul ann, a Phádraig?
- Pádraig: Beidh. Rachaidh mé sa charr is dócha. Ní féidir brath ar na busanna na laethanta seo. Ar mhaith leat teacht in éineacht liomsa, a Mhoya?
- Moya: Ba bhreá liom síob a fháil uait, mura miste leat.
- Pádraig: Ar dóigh! Buailfidh mé leat lasmuigh den ollmhargadh ar a dó a chlog Dé hAoine.
- Moya: Ceart go leor, a Phádraig, beidh mé ann. An dóigh leat go mbeidh Eoghan Ó Néill ag imirt?
- Pádraig: Táim in amhras go mbeidh. Tá achan duine ag rá nach bhfuil sé ar fónamh fós. Fuair sé gortú dona sa chluiche eile an tseachtain seo caite.
- Moya: Ó! Ní maith liom é sin a chloisteáil. Tá súil agam go dtiocfaidh feabhas air go luath. Cé a chuirfidh siad ina áit, meas tú?
- Pádraig: Tá sé doiligh a rá. Bíonn Liam Ó Muirí an-sábháilte sa chúl. Is annamh a ligeann sé cúl isteach.
- Moya: Aontaím leat, a Phádraig. Níor lig sé aon chúl isteach fós i mbliana.
- Pádraig: Bhuel! Tchífidh Dé hAoine.
- Moya: Is fíor duit.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Beidh Oíche Chultúir ar siúl arís ar fud na tíre ar an gceathrú hAoine de Mheán Fómhair, 2017. Is deis iontach í don phobal gnéithe éagsúla den saol cultúir a bhlaiseadh. Oslófar na doirse d'ionaid ealaíon, chultúir agus oidhreachta saor in aisce ar an oíche agus réachtálfar go leor imeachtaí éagsúla.

Cuirfear tús leis na himeachtaí Gaeilge i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath ar a leathuair tar éis a cúig le rás naomhóg ar an Life. Ina dhiaidh sin beidh bia mara, damhsa ar an sean-nós agus caint faoi naomhóga Chiarraí ag Cé Theach an Chustaim.

Dúirt ionadaí ó Fhoras na Gaeilge go gcreideann sé go bhfuil sé tábhachtach deis a chur ar fáil don phobal a bheith páirteach in imeachtaí Gaeilge ag an oíche chultúir agus dúirt sé go bhfuil liosta iomlán na n-imeachtaí Gaeilge ar fáil ar an suíomh idirlín: www.culturenight.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

I bhfómhar na bliana seo cuirfear tús le céim athbhreithnithe sa Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Beidh ar mhic léinn ceithre bliana seachas trí bliana a chaitheamh i mbun na céime agus beidh orthu tréimhse fhada a chaitheamh sa Ghaeltacht.

Chuir Muireann Ní Mhóráin, Príomhfheidhmeannach COGG, fáilte mhór roimh an scéal agus dúirt sí go n-aithnítear sa Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge gur chóir tacú le haon rud a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán na Gaeilge agus ar líofacht na Gaeilge a bhíonn ag mic léinn.

Beidh Roinn na Gaeilge san ollscoil ag obair i gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge chun an clár nua a chur ar fáil. Tá ionaid ag an Acadamh ar an gCeathrú Rua, i gCarna agus i nGaoth Dobhair agus is sna ceantair sin a bheidh na mic léinn lonnaithe mar chuid dá gcéim.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Eagraíodh an chéad chomórtas gailf as Gaeilge ar ghalfchúrsa Thobar Dhún Mhuire i gCill Dara i Mí an Mheithimh. Fear de bhunadh Ghaoth Dobhair atá ina bhainisteoir ann, Seán Ó Gallchóir, mac le Noel Johnny Sheáin, agus chuir sé fáilte mhór chuig an chomórtas roimh fhoirne ón Cheathrú Rua, ó Oileáin Chonamara, ó Ghaoth Dobhair, ó Bhaile Brigín agus ó Ráth Chairn.

Ba í foireann Ghaoth Dobhair an fhoireann ab fhearr ar an lá agus bhain foireann Bhaile Brígín an dara háit amach. Bhailigh an slua le chéile sa chlubtheach i ndiaidh an chomórtais do sheisiún ceoil. Banna ceoil ó Dhún na nGall, ‘Na Fá Dú Dá’s’, a sholáthair an ceol.

Dúirt Treasa Uí Chartúir, a ghlac páirt sa chomórtas, gur bhain na rannpháirtithe go léir an-sult as an ócáid agus go raibh achan duine ag súil go mór le ‘Galf as Gaeilge’ na bliana seo chugainn.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.